Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Meitheamh 2021**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0133(NLE)**

**9570/21**
**ADD 1**

**AELE 28**
**EEE 19**
**N 50**
**ISL 14**
**FL 14**
**DATAPROTECT 158**
**JAI 686**
**MI 442**
**DRS 26**
**FREMP 168**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Meitheamh 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 274 final - IARSCRÍBHINN I |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Chomhchoiste LEE maidir leis an leasú ar Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) agus ar Phrótacal 37 (Ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 274 final - IARSCRÍBHINN I.

---

Faoi iamh: COM(2021) 274 final - IARSCRÍBHINN I

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 7.6.2021
COM(2021) 274 final

ANNEX 1

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Chomhchoiste LEE maidir leis an leasú ar Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) agus ar Phrótacal 37 (Ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE**

## IARSCRÍBHINN 1

# CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE

**Uimh. […]**

**an […]**

**lena leasaítear Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) agus Prótacal 37 (Ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2018/1971 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) agus Gníomhaireacht Tacaíochta BEREC (Oifig BEREC), lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/2120 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1211/2009[1], tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Chun go bhfeidhmeoidh Comhaontú LEE go maith, leathnófar Prótacal 37 a ghabhann le Comhaontú LEE chun go n-áireofar Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) a bunaíodh le Rialachán (AE) 2018/1971.

(3) Chun cur chun feidhme comhsheasmhach an chreata rialála um chumarsáid leictreonach laistigh de raon feidhme Chomhaontú LEE a áirithiú, glacfaidh údaráis rialála náisiúnta Stáit CSTE páirt iomlán in obair Bhord Rialálaithe BEREC, mheithleacha BEREC agus Bhord Bainistíochta Oifig BEREC, cé is moite den cheart vótála. Déanfar taifead ar leithligh de sheasaimh údaráis rialála náisiúnta Stáit CSTE nuair a eiseoidh BEREC tuairim. Tabharfaidh Údarás Faireacháin CSTE lánaird ar thuairimí a ghlac BEREC.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn XI agus Prótacal 37 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE mar seo a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 5czp, (Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/784 ón gCoimisiún):

"5czq. **32018 R 1971**: Rialachán (AE) 2018/1971 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Comhlacht na Rialálaithe

[1] IO L 321, 17.12.2018, lch. 1.

Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) agus Gníomhaireacht Tacaíochta BEREC (Oifig BEREC), lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/2120 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1211/2009 (IO L 321, 17.12.2018, lch. 1).

Módúlachtaí maidir le comhlachas Stáit CSTE i gcomhréir le hAirteagal 101 den Chomhaontú seo:

Údaráis rialála náisiúnta Stáit CSTE ar a bhfuil an phríomhfhreagracht as maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú na margaí le haghaidh líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí ó lá go lá, glacfaidh siad páirt iomlán in obair Bhord Rialálaithe BEREC, mheithleacha BEREC agus Bhord Bainistíochta Oifig BEREC.

Déanfar ionadaíocht orthu ar leibhéal iomchuí i gcomhréir le forálacha Rialachán BEREC.

Chuige sin, beidh na cearta céanna agus na hoibleagáidí céanna ag údaráis rialála náisiúnta Stáit CSTE agus atá ag údaráis rialála náisiúnta Bhallstáit an Aontais, cé is moite den cheart vótála. Ní bheidh comhaltaí ó Stáit CSTE incháilithe Cathaoirleacht a dhéanamh ar an mBord Rialálaithe ná ar an mBord Bainistíochta.

Tabharfaidh BEREC agus Oifig BEREC, de réir mar is iomchuí agus nuair is iomchuí, cúnamh d'Údarás Faireacháin CSTE agus d'údaráis rialála náisiúnta Stáit CSTE, de réir mar a bheidh, agus a gcúraimí sonracha á ndéanamh acu.

Léifear forálacha an Rialacháin, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

(a) In Airteagal 4:

(i) I mír 1, pointe (a), cuirfear na focail "Údarás Faireacháin CSTE" isteach roimh na focail "agus an Coimisiún";

(ii) I mír 1, pointe (e), cuirfear na focail "Údarás Faireacháin CSTE" isteach roimh na focail "nó an Coimisiún";

(iii) cuirfear isteach an mhír seo a leanas:

"1a. Déanfaidh BEREC taifead ar leithligh de sheasaimh údaráis rialála náisiúnta Stáit CSTE agus tuairimí á n-eisiúint aige i gcomhréir le mír 1, pointe (c)(i) agus (ii).";

(iv) i mír 4, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, léifear na focail "dlí ábhartha an Aontais" mar "Comhaontú LEE";

(v) i mír 4, cuirfear na focail "nó, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE" isteach tar éis na bhfocal "agus an Coimisiún".

(b) In Airteagal 7(4), cuirfear na focail "agus Údarás Faireacháin CSTE" isteach tar éis na bhfocal "An Coimisiún".

(c) In Airteagal 13(3),

(i) cuirfear na focail ", Údarás Faireacháin CSTE" isteach tar éis an fhocail "BEREC";

(ii) cuirfear na focail "agus Údarás Faireacháin CSTE" isteach tar éis na bhfocal "ón gCoimisiún".

(d) In Airteagal 15:

(i) i mír 1, cuirfear an abairt seo a leanas le deireadh na chéad fhomhíre: “Glacfaidh ionadaí ó Údarás Faireacháin CSTE páirt sa Bhord Bainistíochta ach ní bheidh ceart vótála aige.”;

(ii) i mír 2, cuirfear na focail “agus Údarás Faireacháin CSTE” isteach tar éis na bhfocal “an Choimisiúin”.

(e) Cuirfear an mhír seo a leanas le hAirteagal 25:

“5. Glacfaidh Stáit CSTE páirt sa ranníocaíocht ón Aontas dá dtagraítear i mír 3, pointe (a). Chun na críche sin, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagal 82(1)(a) de Chomhaontú LEE agus i bPrótacal 32 a ghabhann leis an gComhaontú sin.”

(f) In Airteagal 30, cuirfear na fomhíreanna seo a leanas leis:

“De mhaolú ar Airteagal 12(2)(a) agus Airteagal 82(3)(a) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, náisiúnaigh Stáit CSTE a bhfuil a gcearta iomlána acu mar shaoránaigh, féadfar iad a fhostú faoi chonradh ag údarás earcaíochta na Gníomhaireachta.

De mhaolú ar Airteagal 12(2)(e), Airteagal 82(3)(e) agus Airteagal 85(3) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, na teangacha dá dtagraítear in Airteagal 129(1) de Chomhaontú LEE, déanfaidh an Oifig iad a mheas mar theangacha de chuid an Aontais, i dtaca lena baill foirne, dá dtagraítear in Airteagal 55(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.”.

(g) Cuirfear an méid seo a leanas le hAirteagal 34:

“Deonóidh Stáit CSTE pribhléidí agus díolúintí d’Oifig BEREC, pribhléidí agus díolúintí atá coibhéiseach leis na pribhléidí agus na díolúintí atá sa Phrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh.”

(h) Cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 36:

“4. Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún, d’fhonn an Rialachán a chur i bhfeidhm, maidir le húdaráis rialála náisiúnta Stáit CSTE i dtaca le doiciméid a d’ullmhaigh BEREC nó Oifig BEREC.”

(i) In Airteagal 40(2),

(i) cuirfear na focail “, Údarás Faireacháin CSTE” isteach tar éis na bhfocal “an Coimisiún”;

(ii) maidir le Stáit CSTE, in ionad na bhfocal “Comhaontú LEE agus an dlí náisiúnta” cuirfear isteach na focail “dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta”.

(j) In Airteagal 41(1) (a) agus (b), cuirfear na focail “, Údarás Faireacháin CSTE” isteach tar éis na bhfocal “an Coimisiún”.’

2. Cuirtear an méid seo a leanas le pointe 5ob (Rialachán (AE) 2015/2120 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle).

', arna leasú le:

- **32018 R 1971**: Rialachán (AE) Uimh. 2018/1971 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 (IO L 321, 17.12.2018, lch. 1).'

*Airteagal 2*

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i bPrótacal 37 a ghabhann le Comhaontú LEE:

'41. Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) (Rialachán (AE) 2018/1971 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle).'

*Airteagal 3*

Is téacs barántúla é Rialachán (AE) 2018/1971 san Íoslainnis agus san Ioruais, atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE de *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an […], ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE déanta ina leith*.

*Airteagal 5*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, de *d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, […].

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

*An tUachtarán*

[…]

*Rúnaithe*
*Chomhchoiste LEE*
[...]

* [Ní shonraítear aon rialacha bunreachtúla.] [Sonraítear rialacha bunreachtúla.]